



An Bhruiséil, 11 Feabhra 2019
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0294(COD)

5874/1/19
REV 1

ENER 43
COEST 21
CODEC 239

NÓTA

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. ón 14204/17
gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
lena leasaítear Treoir 2009/73/CE maidir le comhrialacha don mhargadh
inmheánach sa ghás nádúrtha
- Sainordú caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an sainordú caibidlíochta maidir leis an gcomhad
thuasluaite mar a comhaontaíodh ag Coreper ar an 8 Feabhra 2019.

Is i **gcló trom agus líne faoi** atá an téacs sin a cuireadh leis ag Coreper agus is le [...] a léirítear
téacs a scriosadh. Is i **gcló trom** atá aon ní a cuireadh leis an téacs roimhe seo agus is le [] a
léirítear téacs a scriosadh.

2017/0294 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2009/73/CE maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Is é is aidhm don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha, atá á chur chun feidhme de réir a chéile ó 1999 i leith, fíor-rogha a thabhairt do thomhaltóirí uile an Aontais, cibé acu saoránaigh nó gnólachtaí iad, mar aon le deiseanna nua gnó **agus dálaí cóiriomaíochta**, praghsanna iomaíocha, comharthaí infheistíochtaí éifeachtúla agus caighdeán níos airde seirbhíse, agus cuidiú chun cinnteacht an tsoláthair agus an inbhuanaitheacht a áirithiú.

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

- (2) Chuidigh Treoir 2003/55/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, agus Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, go mór chun margadh inmheánach sa ghás nádúrtha a chur ar bun.
- (3) Tá sé mar aidhm ag an Treoir seo dul i ngleic [] leis na bacainní atá ar chomhlánú an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha de dheasca rialacha margaidh an Aontais nár cuireadh i bhfeidhm ar [] **shreanga tarchuir** gáis chuig an tríú tír agus ar ais. Áiríteofar leis na leasuithe a thugtar isteach leis an Treoir seo go mbeidh na rialacha is infheidhme maidir le [] **sreanga** tarchuir gáis a nascann dhá Bhallstát nó níos mó, go mbeidh siad infheidhme freisin maidir le [] **sreanga tarchuir gáis** chuig an tríú tír agus ar ais laistigh den Aontas. Ar an gcaoi sin, suítear comhsheasmhacht an chreata dhlíthiúil laistigh den Aontas ach seachnófar ag an am céanna saobhadh na hiomaíochta i margadh inmheánach fuinnimh an Aontais **agus dochar do chinnteacht an tsoláthair**. Ina theannta sin, feabhsófar an trédhearcacht agus soláthrófar do rannpháirtithe sa mhargadh, go háirithe infheisteoirí sa bhonneagar gáis agus úsáideoirí gréasáin, deimhneacht dhlíthiúil i dtaca leis an gcóras dlí is infheidhme [].

³ Treoir 2003/55/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha (IO L 176, 15.7.2003, lch. 57).

⁴ Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94).

(4) Chun an t-easnamh a bhí ann roimhe seo i dtaca le rialacha sonracha de chuid an Aontais is infheidhme maidir le [] **sreangatarchuir** gáis chuig an tríú tír agus ar ais a chur san áireamh, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann maoluithe ó fhorálacha áirithe de Threoir 2009/73/CE a thabhairt i dtaca le [] **sreanga tarchuir gáis** sin arna gcur i gcrích roimh dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo. Ba cheart an dáta ábhartha le haghaidh cur i bhfeidhm samhlacha díchuachta, cé is moite de dhíchuachadh úinéireachta, a oiriúnú i dtaca le [] **sreanga tarchuir** gáis chuig an tríú tír agus ar ais.

(4a) **I dtaca le píblíne a nascann tionscadal don ghineadh bhreosla nó ola tríú tír le monarcha [] próiseála nó, le [] críochfort cósta laistigh [] de Bhallstát, is mar phíblíne réamhtheachtach a chaithfear lena leithéid.**

I dtaca le píblíne a nascann tionscadal don ghineadh bhreosla nó ola i mBallstát le monarcha próiseála nó, le críochfort cósta laistigh de thríú tír, ní mar phíblíne réamhtheachtach a chaithfear lena leithéid chun críche na Treorach seo, ós rud é nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag píblíne den sórt sin ar an margadh inmheánach fuinnimh.

[]

(4b) **Ba cheart go mbeadh an tsaoirse ag oibreoirí córais tarchuir comhaontuithe teicniúla a thabhairt i gcrích [] le hoibreoirí córais tarchuir nó eintitis eile i dtríú tíortha ar shaincheisteanna a bhaineann le feidhmiú agus idirnascadh na gcóras tarchuir, ar choinníoll go bhfuil ábhar an chomhaontaithe sin i gcomhréir le [] dlí an Aontais.**

(4c) *(modhnaithe ex 5b)* **Ba cheart comhaontuithe teicniúla maidir le feidhmiú sreang tarchuir, idir oibreoirí córais tarchuir nó eintitis eile a bheith i bhfeidhm i gcónaí, ar choinníoll go bhfuil siad i gcomhréir le dlí an Aontais agus cinntí faoi seach na n-údarás rialála náisiúnta.**

(4d) **Nuair atá comhaontuithe teicniúla den sórt sin i bhfeidhm, ní ceanglas de chuid na Treorach seo go dtabharfaí comhaontú idirnáisiúnta i gcrích idir Ballstát agus tríú tír ná comhaontú idir an tAontas agus an tríú tír, maidir le hoibriú na sreinge tarchuir atá i dtrácht anseo.**

(5) Bainfidh infheidhmeacht Threoir 2009/73/CE [] le [] **sreanga tarchuir** gáis chuig an tríú tír agus ar ais le críoch [] **na mBallstát** amháin. [] Maidir le [] **sreanga tarchuir** gáis amach ón gcósta, ba cheart iad a bheith infheidhme maidir le huiscí [] teorann [] an Bhallstáit[...] **ina bhfuil an chéad phointe idirnaisc chuig gréasán an Bhallstáit eile.**

(5a) **Is féidir na comhaontuithe sin a tugadh i gcrích idir Ballstát agus tríú tír maidir le hoibriú sreang tarchuir a choimeád i bhfeidhm, i gcomhréir le rialacha na Treorach seo.**

(5b) [] Maidir le comhaontuithe nó codanna de na [] comhaontuithe sin le tríú tíortha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar rialacha comhchoiteanna an Aontais [] ba cheart nós imeachta comhtháite agus trédhearcach a bhunú chun údarú a thabhairt do Bhallstát, arna iarraidh sin dó, comhaontú a leasú, a shíneadh, a oiriúnú, a athnuachan nó a thabhairt i gcrích le tríú tír maidir le hoibriú sreinge tarchuir idir an Ballstát agus tríú tír. []

Níor cheart go ndéanfaidh an nós imeachta seo dochar d'inniúlachtaí faoi seach an Aontais Eorpaigh gona Bhallstáit agus ba cheart feidhm a bheith aige maidir le comhaontuithe atá ann cheana féin agus do chomhaontuithe nua.

[]

(5c) **Más rud é gur léir go dtagann ábhar an chomhaontaithe i bpáirt faoi inniúlacht an Aontais agus i bpáirt faoi inniúlacht Ballstáit, is den ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh dlúthchomhar idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais.**

- (5d) Meabhraítear go mbaineann an Cód Gréasáin maidir le hidir-inoibritheacht agus rialacha maidir le malartú sonraí⁵, an Cód Gréasáin maidir le sásraí leithdháilte acmhainne i gcórais tarchuir gáis⁶, Cinneadh ón gCoimisiún maidir le coinníollacha rochtana ar na líonraí tarchurtha gáis nádúrtha⁷, mar aon le caibidil III, V, VI, Airteagal 28 agus caibidil IX de Chód Gréasáin maidir le struchtúir chomhchuibhithe do tharaifí tarchuir gáis⁸, meabhraítear go mbaineann siad sin le pointí isteach-amach chuig an tríú tír agus ar ais, faoi réir chinneadh an údaráis rialála náisiúnta ábhartha, agus go mbaineann an Cód Gréasáin maidir le Cothromú Gáis⁹ le criosanna comhardúcháin laistigh de theorainneacha an Aontais amháin.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/73/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

⁵ Cinneadh ón gCoimisiún maidir le coinníollacha rochtana ar na líonraí gáis nádúrtha [2012/490/AE]

⁶ Rialachán ón gCoimisiún lena mbunaítear Cód Gréasáin maidir le hidir-inoibritheacht agus rialacha maidir le malartú sonraí (703/2015/AE)

⁷ Rialachán ón gCoimisiún (AE) 2017/459 lena mbunaítear cód gréasáin maidir le sásraí leithdháilte acmhainne i gcórais tarchuir gáis agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 984/2013

⁸ Rialachán ón gCoimisiún (AE) 2017/460 an 16 Márta 2017 lena mbunaítear cód gréasáin maidir le sásraí leithdháilte acmhainne i gcórais tarchuir gáis

⁹ Rialachán ón gCoimisiún lena mbunaítear an Cód Gréasáin maidir le Cothromú Gáis ar na líonraí tarchurtha gáis nádúrtha (312/2014/AE)

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2009/73/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (17) d'Airteagal 2:

(17) ciallaíonn 'idirnascaire' sreang tharchuir a thrasnaíonn teorainn nó a shíneann thar teorainn idir Ballstáit **chun críche córas tarchuir náisiúnta na dtíortha sin a nascadh** nó **sreang tharchuir** idir Ballstát[...] agus tríú tír [] chomh fada le **críoch** [...] na mBallstát **nó chomh fada le huiscí teorann an Bhallstáit** [];

(2) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 8:

8. Féadfaidh Ballstát a chinneadh gan mír 1 a chur i bhfeidhm:

(a) más rud é gur le gnóthas atá comhtháite go hingearach an córas tarchuir ar an 3 Meán Fómhair 2009;

(b) maidir leis [] **an gcuid sin** [] **den chóras tarchuir a nascann Ballstát le** tríú tír, idir críoch **an Bhallstáit sin** [] agus an chéad [] phointe nasctha chuig gréasán **an Bhallstáit sin** [], más rud é gur le gnóthas atá comhtháite go hingearach an córas tarchuir ar an [\[Oifig na bhFoilseachán: *dáta glactha an togra seo*\]](#)";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

9. I gcás ina mbeidh socruithe i bhfeidhm a ráthóidh neamhspleáchas níos éifeachtaí oibreoir an chórais tarchuir i gcomparáid le forálacha Chaibidil IV, féadfaidh Ballstát cinneadh a dhéanamh gan mír 1 a chur i bhfeidhm:

(a) más rud é gur le gnóthas atá comhtháite go hingearach an córas tarchuir ar an 3 Meán Fómhair 2009;

(b) maidir leis [] an gcuid sin [] den chóras tarchuir a nascann Ballstát le tríú tír, idir críoch an Bhallstáit sin [] agus an chéad [] phointe nasctha chuig gréasán an Bhallstáit sin, más rud é gur le gnóthas atá comhtháite go hingearach an córas tarchuir ar an [Oifig na bhFoilseachán: *dáta glactha an togra seo*].";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 d'Airteagal 14:

1. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan Airteagal 9(1) a chur i bhfeidhm, agus oibreoir córais neamhspleách a ainmniú ar mholadh ó úinéir an chórais tarchuir:

(a) más rud é gur le gnóthas atá comhtháite go hingearach an córas tarchuir ar an 3 Meán Fómhair 2009;

(b) maidir leis [] an gcuid sin [] den chóras tarchuir a nascann Ballstát le tríú tír, idir críoch an Bhallstáit sin [] agus an chéad [] phointe nasctha chuig gréasán an Bhallstáit sin, más rud é gur le gnóthas atá comhtháite go hingearach an córas tarchuir ar an [Oifig na bhFoilseachán: *dáta glactha an togra seo*].

Beidh an t-ainmniú sin faoi réir formheas ón gCoimisiún";

(4) cuirtear isteach an tríú habairt seo a leanas i mír 4 d'Airteagal 34:

[]

I gcás ina dtagann gréasán na píblíne réamhtheachtaí as tríú tír agus go ndéanann sí nasc le Ballstát amháin, ar a laghad, rachaidh na Ballstáit lena mbaineann i gcomhairle le chéile agus rachaidh pé Ballstát ina bhfuil an chéad phointe isteach chuig gréasán an Bhallstáit eile i gcomhairle le pé [] tríú tír [], as a dtagann an phíblíne réamhtheachtach, d'fhonn a áirithiú, ó thaobh an ghréasáin lena mbaineann, go gcuirfear forálacha na Treorach seo i bhfeidhm go comhsheasmhach ar chríoch na mBallstát. []

(5) Leasaítear Airteagal 36 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an dara habairt seo a leanas i mír 3:

I gcás ina mbeidh an bonneagar i dtrácht **nasctha le gréasán an Aontais** faoi dhlínse Ballstáit agus **go dtagann sé nó go gcríochnaíonn sé** i dtríú tír amháin (nó níos mó), rachaidh an t-údarás rialála náisiúnta, **nó, i gcás inarb iomchuí, údaráis inniúla eile**, i gcomhairle le húdaráis ábhartha na dtríú tíortha **sin** [] sula nglacfar cinneadh.

I gcás ina ndeachthas i gcomhairle le húdaráis tríú tíortha, [] agus sa chás nach bhfreagraíonn siad den chomhairliúchán laistigh de thréimhse ama réasúnach nó an spriocdháta [] a leagtar síos, féadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta lena mbaineann an cinneadh is gá a dhéanamh.

(b) cuirtear isteach an dara habairt seo a leanas sa dara fomhír de mhír 4:

I gcás gur sreang tharchuir idir Ballstát agus tríú tír an bonneagar i dtrácht [] sula nglacfar cinneadh, féadfaidh [] na húdaráis rialála náisiúnta [], nó i gcás inarb iomchuí, údaráis inniúla eile de chuid an Bhallstáit[...] ina bhfuil an chéad phointe idirnaise chuig gréasán an Bhallstáit eile, dul [] i gcomhairle le húdaráis ábhartha na dtríú tíortha sula nglacfar cinneadh, d'fhonn a áirithiú, maidir leis an mbonneagar lena mbaineann, go gcuirfear forálacha na Treorach seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcríoch [...] na mBallstát agus, i gcás inarb infheidhme, in uiscí teorann an Bhallstáit []. I gcás ina ndeachthas i gcomhairle le húdaráis tríú tíortha, [] agus sa chás nach bhfreagraíonn siad den chomhairliúchán laistigh de thréimhse ama réasúnach nó an spriocdháta [] a leagtar síos, féadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta lena mbaineann an cinneadh is gá a dhéanamh.

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe c), i mír 1, d'Airteagal 41:

(c) comhoibriú le húdarás rialála nó le húdaráis na mBallstát lena mbaineann agus leis an nGníomhaireacht i ndáil le saincheisteanna trasteorann.

[] II dtaca le bonneagar chuig an tríú tír agus ar ais, féadfaidh údarás rialála an Bhallstáit ina bhfuil an chéad phointe idirnaise chuig gréasán an Bhallstáit oibriú i gcomhar le húdaráis ábhartha na tríú tíre tar éis dó dul i gcomhairle le húdaráis rialála na mBallstát eile lena mbaineann, ar mhaithe le, ó thaobh an bhonneagair seo de, forálacha na Treorach seo a chur i bhfeidhm i gcríoch [...] na mBallstát [];

(7) in Airteagal 42, cuirtear isteach an mhír 6 seo a leanas:

6. **Féadfaidh** na húdaráis rialála, **nó, i gcás inarb iomchuí, údaráis inniúla eile**, dul [] i gcomhairle le húdaráis ábhartha tríú tíortha agus oibreoidh siad i gcomhar leo maidir le [] **bonneagar** gáis a oibriú chuig an tríú tír agus ar ais d'fhonn a áirithiú, maidir leis an mbonneagar lena mbaineann, go gcuirfear forálacha na Treorach seo i bhfeidhm go comhsheasmhach i gcríoch agus in uiscí teorann Ballstáit [].

(8) Cuirtear *an tAirteagal 48a* nua leis:

Airteagal 48a (nua)

Comhaontuithe teicniúla maidir le feidhmiú sreang tarchuir

Ní dhéanann an Treoir seo difear do shaoirse oibreoir an chórais tarchuir ná d'oibreoirí eacnamaíocha eile a choimeád i bhfeidhm nó comhaontuithe teicniúla maidir le saincheistanna a bhaineann le feidhmiú sreang tarchuir idir Ballstát agus tríú tír a thabhairt i gcrích, a mhéid atá na comhaontuithe seo i gcomhréir le dlí an Aontais agus iad ag luí le cinntí ábhartha údaráis rialála náisiúnta na mBallstát lena mbaineann.

(9) Cruthaítear *Airteagal 49a* nua bunaithe ar a bhfuil i mír 9 d'*Airteagal 49*, dar teideal: *Maolú maidir le sreanga tarchuir chuig an tríú tír agus ar ais* []:

Airteagal 49a (nua)

Maolú maidir le sreanga tarchuir chuig an tríú tír agus ar ais

[] Maidir leis na **sreanga tarchuir** gáis **idir Ballstát agus tríú tíortha** [] agus arna gcur i gcrích roimh an [Oifig na bhFoilseachán: dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], féadfaidh **an Ballstát**[...] **ina bhfuil an chéad phointe idirnáisc leis an tsreang tarchuir dá dtagraítear** cinneadh a dhéanamh, [], maolú a fháil ó Airteagal 9, Airteagal 10, Airteagal 11 agus Airteagal 32 agus ó Airteagal 41(6), (8) agus (10) do na codanna de sin [] **ina bhfuil sreang tharchuir gáis ina chríoch agus in uiscí teorann**, [], ar chúiseanna oibiachtúla [...], amhail trí ghnóthú an infheistíocht a rinneadh a chumasú nó i ngeall ar chúiseanna a bhaineann le cinnteacht an tsoláthair, ar choinníoll nach ndéanfaidh an maolú [] **dochar ar bhealach suntasach** do chumas iomaíochta **san Aontas** [] ná d'fheidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha san Aontas, ná do chinnteacht an tsoláthair san Aontas [].

Beidh teorainn ama leis an maolú sin **suas go dtí 20 bliain bunaithe ar údar oibiachtúil, tréimhse is féidir a athnuachan má bhíonn údar leis sin** agus féadfaidh sé bheith faoi réir coinníollacha a chuideoidh chun na dálaí thuas a bhaint amach.

Ní bheidh feidhm ag an maolú seo [] le sreanga tarchuir gáis idir Ballstát agus tríú tír a bhfuil sé d'oibleagáid air an Treoir seo a thrasú agus **a chuireann** chun feidhme go héifeachtach ina dhlíchóras faoi chomhaontú a tugadh i gcrích leis an Aontas Eorpach.
[]

I gcás ina bhfuil **an sreang tarchuir** [] gáis i dtrácht suite i **geríoch** níos mó ná Ballstát amháin, is é an Ballstát ina bhfuil an chéad phointe idirnaisc ina [] **chríoch** chuig **gréasán na mBallstát** a dhéanfaidh cinneadh maidir le maolú i dtaca leis an **tsreang tarchuir gáis** [] tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit uile lena mbaineann.

Foilseoidh na Ballstáit aon chinneadh maidir le maolú i gcomhréir leis an mír seo faoi cheann bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

[]

(10) Cuirtear *Airteagal 49aa* nua leis:

Airteagal 49 aa (nua)

Nós imeachta cumhachtaithe

0. Gan dochar d'oibleagáidí eile faoi dhlí an Aontais, agus inniúlachtaí faoi seach an Aontais gona Bhallstáit, féadfar na comhaontuithe atá ann cheana féin idir Ballstát agus tríú tír maidir le sreang tarchuir a oibriú agus a choimeád i bhfeidhm go dtí go mbeidh comhaontú eile idir an tAontas agus an tríú tír céanna sin i bhfeidhm nó go dtí go mbeidh an nós imeachta faoi na míreanna seo a leanas infheidhme.

01. Gan dochar d'inniúlachtaí faoi seach an Aontais gona Bhallstáit, i gcás ina mbeidh sé ar intinn ag Ballstát dul i mbun caibidlíochta le tríú tír d'fhonn comhaontú a oiriúnú, a leasú, a leathnú, a athnuachan nó a thabhairt i gcrích, maidir le sreang tharchuir a oibriú le tríú tír i dtaca le nithe a thagann, go hiomlán nó i bpáirt, laistigh de raon feidhme na Treorach seo, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoina intinn i scríbhinn.

Áireofar san fhógra doiciméadacht ábhartha agus léiriú ar na forálacha a dtabharfar aghaidh orthu sa chaibidlíocht nó atá le caibidliú, cuspóirí na caibidlíochta agus aon fhaisnéis ábhartha ar bith eile agus tarchuirfear an méid sin ar fad chuig an gCoimisiún, 5 mhí, ar a laghad, roimh an dáta atá beartaithe tús a chur leis an gcaibidlíocht.

1. De bhun fógra a fháil de bhun mhír 01, údaróidh an Coimisiún don Bhallstát, [], tús a chur le caibidlíocht fhoirmiúil leis an tríú tír maidir leis an gcuid a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais [] ach i gcás ina measann sé – dá rachfaí i mbun na caibidlíochta sin:

- a) bheadh an méid sin ar neamhréir le dlí an Aontais seachas na neamhluithe a eascraíonn as leithdháileadh inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit;**
- b) dhéanfaí dochar d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh gáis, do chumas iomaíochta, nó do chinnteacht an tsoláthair i mBallstát nó san Aontas;**

- c) bhainfí an bonn ó chuspóirí na caibidlíochta atá ar feitheamh maidir leis na comhaontuithe idir-rialtasacha atá ag an [] Aontas le tríú tír;
- d) bheadh an méid sin idirdhealaitheach.

1bis. Gan dochar don mhéid sin thuas, údaróidh an Coimisiún don Bhallstát tús a chur le caibidlíocht den sórt sin i gcás go mbaineann an comhaontú atá beartaithe le sreang tharchuir a rannchuidíonn le héagsúlú soláthairtí gáis trí bhíthin foinsí nua gáis.

2. Glacfaidh an Coimisiún cinntí maidir le húdarú nó cinntí maidir le diúltú do Bhallstát comhaontú a leasú, a shíneadh, a oiriúnú nó a athnuachan, nó a thabhairt i gcrích le tríú tír, laistigh de 90 lá ón tráth a bhfaighfear [...] an fógra dá dtagraítear i mír 01. (*aistrithe go 2aa*) [][...]2a. I gcás nach dtugann an Coimisiún an t-údarú de bhun mhír 1, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhallstát lena mbaineann agus tabharfaidh sé na cúiseanna a bhí leis sin.

2aa. (*ex an dara cuid de 2*) I gcás inar gá faisnéis bhreise d'fhonn cinneadh a dhéanamh, tosóidh an tréimhse 90 lá an dáta a bhfaightear an fhaisnéis bhreise. [Is i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán [] 182/2011 a ghlacfar an cinneadh cur chun feidhme].

3. Féadfaidh an Coimisiún treo a mholadh [] agus féadfaidh sé a iarraidh go gcuirfear clásail ar leith isteach sa chomhaontú atá beartaithe d'fhonn comhréireacht le reachtaíocht an Aontais a áirithiú.

4. Coinneofar an Coimisiún ar an eolas faoi dhul chun cinn agus torthaí na caibidlíochta maidir leis an gcomhaontú a leasú, a shíneadh, a oiriúnú, a athnuachan nó a thabhairt i gcrích [] ó chéim go céim, agus féadfaidh sé cead caibidlíochta [] idir an Ballstát agus an tríú tír a iarraidh.

5. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na cinntí a rinneadh de bhun mhír 1.

[]

Airteagal 2

1. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin [Oifig na bhFoilseachán: aon bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm], ar a dhéanaí, **gan dochar do na maoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 49(9)**. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

I dtaca le Ballstáit thalamhiata nach bhfuil aon teorainn gheografach ná aon sreanga tarchuir acu le tríú tíortha, de mhaolú ar an gcéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu bearta a thabhairt i bhfeidhm is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an gCipir ná ar Mhálta, mar thoradh ar a suíomh geografach, bearta a thabhairt i bhfeidhm is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a fhad is nach bhfuil acu aon bhonneagair a nascann iad le tríú tíortha, lena n-áirítear píblínte réamhtheachtacha.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 4

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
